

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh

L 288



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 65

9 Samhain 2022

Clár

II Gníomhartha neamhrechtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2179 ón gComhairle an 8 Samhain 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2017/1770 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí 1
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2180 ón gComhairle an 8 Samhain 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2017/1509 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré 5
- ★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2181 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe a mhéid a bhaineann leis na dátaí tosaigh agus na tréimhsí a bhaineann le neamh-inghlachtacht iarratas ar thacaíocht 7
- ★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2182 ón gCoimisiún an 30 Lúnasa 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1798 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le lipidí agus maidir le maignéisiam i leith ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú ⁽¹⁾ 18
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2183 ón gCoimisiún an 8 Samhain 2022 lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas ⁽¹⁾ 21

CINNÍ

- ★ Cinneadh (CBES) 2022/2184 ón gComhairle an 8 Samhain 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/1296 mar thaca le sábháilteacht agus slándáil bhitheolaíoch a neartú san Úcráin i gcomhréir le cur chun feidhme Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le neamhleathadh arm ollscriosta agus a modhanna seachadta 78

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na gníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

★ Cinneadh (CBES) 2022/2185 ón gComhairle an 8 Samhain 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/1939 maidir le tacaíocht ón Aontas ar mhaithe le huiliú agus cur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gníomhartha Sceimhlitheoireachta Núicléiche a Dhíchur	80
★ Cinneadh (CBES) 2022/2186 ón gComhairle an 8 Samhain 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/1894 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdairithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir	81
★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/2187 ón gComhairle an 8 Samhain 2022 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2017/1775 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí	82
★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/2188 ón gComhairle an 8 Samhain 2022 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2016/849 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré	86

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2179 ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Samhain 2022

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2017/1770 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1770 ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2017 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise a bhfuil ag tarlú i Mailí ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 12(5) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 28 Meán Fómhair 2017, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2017/1770.
- (2) An 5 Deireadh Fómhair 2022, rinne Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 2374 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe faisnéis maidir le triúr daoine aonair atá faoi réir bearta sriantacha a nuashonrú.
- (3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1770 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2017/1770 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Samhain 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
Z. STANJURA

⁽¹⁾ IO L 251, 29.9.2017, lch.1

IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1770 faoin gceannteideal “Liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2a”, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 3, 4 agus 5:

“3. MAHRI SIDI AMAR BEN DAHA (aílias: a) Yoro Ould Daha b) Yoro Ould Daya c) Sidi Amar Ould Daha d) Yoro)

Ainmniúchán: Leas-cheann foirne chomhordú réigiúnach an Mécanisme opérationnel de coordination (MOC) in Gao

Dáta breithe: 1 Ean. 1978

Áit bhreithe: Djebock, Mailí

Náisiúntacht: Mailí

Uimhir aitheantais náisiúnta: 11262/1547

Seoladh: Golf Rue 708 Door 345, Gao, Mailí

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 10 Iúil 2019 (arna leasú an 19 Nollaig 2019, an 14 Eanáir 2020, an 5 Deireadh Fómhair 2022)

Faisnéis eile: Is ceannaire phobal Arabaigh Lehmar de chuid Gao é Mahri Sidi Amar Ben Daha agus tá sé ina cheann foirne míleata ar an eite sin de Mouvement Arab de l’Azawad (MAA), atá ar son an rialtais, bainteach leis an gcomhghuaillíocht Plateforme des mouvements du 14 juin 2014 d’Alger (Plateforme). Liostaithe de bhun mhír 1 go mír 3 de rún 2374 (2017) ón gComhairle Slándála (Toirmeasc Taistil, Calcadh Sócmhainní). Marbh ó bhí mí Feabhra 2020 ann de réir tuairiscí.

Grianghraf ar fáil lena chur san Fhógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála NA. an nasc gréasáin le haghaidh fógraí speisialta de chuid INTERPOL-Comhairle Slándála NA:

<https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals>

Faisnéis bhreise

Tá Mahri Sidi Amar Ben Daha á liostú de bhun mhír 8 (b) de rún 2374 (2017) mar gheall ar ghníomhaíochtaí a chuireann bac, nó a chuireann bac trí mhoill fhada ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe, nó ar bagairt iad ar a chur chun feidhme.

Ba oifigeach sinsearach de na póilíní Ioslamacha é Ben Daha, a bhí ag feidhmiú in Gao nuair a bhí an baile faoi rialú an Mouvement pour l’unicité et le jihad en Afrique de l’Ouest (MUJAO) (QDe.134) ó mhí an Mheithimh 2012 go dtí mí Eanáir 2013. Faoi láthair, tá Ben Daha ina leas-cheann foirne ar chomhordú réigiúnach an Mécanisme opérationnel de coordination (MOC) in Gao.

An 12 Samhain 2018, dhearbhaigh an Plateforme in Bamako nach nglacfaid siad páirt sna comhairliúcháin réigiúnacha a bheadh ar siúl ón 13 go dtí an 17 Samhain, i gcomhréir leis an treo-chlár a chomhaontaigh na páirtithe uile sa Chomhaontú Síochána agus Athmhuintearais i Márta 2018. An lá dar gcionn, thionóil ceann foirne míleata chomhpháirt Ganda Koy de Coordination des mouvements et fronts patriotiques de résistance (CMFPR)-Plateforme, cruinniú in Gao, agus ionadaithe an MAA-Plateforme ag freastal air, chun cosc a chur ar na comhairliúcháin a bheith ar siúl. Rinneadh an t-imshuí a chomhordú le ceannaireacht an Plateforme in Bamako, le MAA-Plateforme, agus leis an gComhalta Parlaiminte, Mohamed Ould Mataly.

Ón 14 go dtí an 18 Samhain 2018, chuir na scórtha trodairí MAA-Plateforme i dteannta trodairí de chuid ghrúpaí CMFPR bac ar thionóladh comhairliúcháin réigiúnach. Ag gníomhú faoi threoir agus rannpháirtíocht Ben Daha, cuireadh sé fheithicil truicín as Mouvement Arabe de l’Azawad (MAA-Plateforme) os comhair ghoibharnóireacht Gao agus a comharsanachta. Chonacthas ar an láthair freisin dhá fheithicil MOC de chuid MAA-Plateforme.

An 17 Samhain 2018, tharla teagmhas idir gnéithe armtha a bhí ag cur bac le bealach isteach chuig an ngobharnóireacht agus patról FAMA a bhí faoin gceantar, ach cuireadh deireadh leis sular dtiocfadh leis méadú agus éirí ina shárú ar an sos comhraic. An 18 Samhain 2018, thóg dhá fheithicil déag san iomlán agus eilimintí armtha an t-imshuí ar an ngobharnóireacht tar éis an bhabhta caibidlíochta is déanaí le gobharnóir Gao.

An 30 Samhain 2018, reáchtáil Ben Daha cruinniú idir-Arabach in Tinfanda chun athstruchtúrú slándála agus riaracháin a phlé. I láthair ag an gcruinniú freisin bhí Ahmoudou Ag Asriw (MLi.001), duine atá faoi smachtbhannaí, agus a bhfuil tacaíocht agus cosaint Ben Daha aige.

Dá bhrí sin, trí chosc a chur go héifeachtach le pléití maidir le príomhfhórlacha an Chomhaontaithe Síochána agus Athmhuintearais a bhaineann leis an athchóiriú ar struchtúr críche thuaisceart Mhailí, chuir Ben Daha bac ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Síochána agus Athmhuintearais. Ina theannta sin, tá tacaíocht tugtha ag Ben Daha do dhuine a sainaitníodh mar bhagairt do chur chun feidhme an Chomhaontaithe trína rannpháirtíocht i sárúithe ar an sos chomhraic agus i ngníomhaíocht choiriúil eagraithe.

4. **MOHAMED BEN AHMED MAHRI (ailias: a) Mohammed Rougi b) Mohamed Ould Ahmed Deya c) Mohamed Ould Mahri Ahmed Daya d) Mohamed Rougie e) Mohamed Rougy f) Mohamed Rouji)**

Dáta breithe: 1 Ean. 1979

Áit bhreithe: Tabankort, Mailí

Náisiúntacht: Mailí

Pasuimhir: a) AA00272627 b) AA0263957 c) AA0344148, arna eisiúint an 21 Márta 2019 (dáta éaga: an 20 Márta 2024)

Seoladh: Bamako, Mailí

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 10 Iúil 2019 (arna leasú an 19 Nollaig 2019, an 14 Eanáir 2020, an 5 Deireadh Fómhair 2022)

Faisnéis eile: Is fear gnó ó phobal Lehmar na nArabach i réigiún Gao é Mohamed Ben Ahmed Mahri, a chomhoibrigh roimhe seo leis an Mouvement pour l'unicité et le Jihad en Afrique de l'Ouest (MUJAO) (QDe.134). Liostaithe de bhun mhír 1 go mír 3 de rún 2374 (2017) ón gComhairle Slándála (Toirmeasc Taistil, Calcadh Sócmhainní).

Grianghraf ar fáil lena chur san Fhógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála NA. an nasc gréasáin le haghaidh fógraí speisialta de chuid INTERPOL-Comhairle Slándála NA:

<https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals>

Faisnéis bhreise

Tá Mohamed Ben Ahmed Mahri á liostú de bhun mhír 8 (c) de rún 2374 (2017) de dheasca gníomhú ar son nó thar ceann na ndaoine aonair agus na n-eintiteas a shainaitnítear i mír 8 (a) agus (b) de rún 2374 (2017), nó de dheasca gníomhú faoi stiúir na ndaoine aonair agus na n-eintiteas sin nó de bharr tacaíocht a thabhairt dóibh nó iad a mhaoiniú, lena n-áirítear trí na fáltais ón gcoireacht eagraithe, lena n-áirítear táirgeadh agus gáinneáil ar dhrugaí támhshuanacha agus a réamhtheachtaithe arna dtionscnamh dóibh i Mailí nó á n-aistriú tríd, gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil imirceach, smuigleáil agus gáinneáil ar airm agus gáinneáil ar mhaoin chultúrtha.

Idir Nollaig 2017 agus Aibreán 2018, d'ordaigh Mohamed Ben Ahmed Mahri oibríocht gháinneála de os cionn 10 dtonna channabas Mharacó, a aistríodh i dtucaílí fuaraithe trí Mauritania, Mailí, Burkina Faso agus an Nígir. Le linn oíche an 13 go dtí an 14 Meitheamh 2018, coigistíodh an ceathrú cuid den lastas in Niamey, agus cuireadh líomhain i leith grúpa comhraic gur ghoid sé na trí cheathrú a bhí fágtha le linn oíche an 12 agus an 13 Aibreán 2018.

Mí na Nollag 2017, bhí Mohamed Ben Ahmed Mahri in Niamey le náisiúnach de chuid Mhailí chun an oibríocht a ullmhú. Gabhadh an náisiúnach sin de chuid Mhailí in Niamey tar éis dó eitilt isteach as Maracó le beirt náisiúnach Mharacacha agus beirt náisiúnach Ailgéireacha ar an 15 agus an 16 Aibreán 2018 chun iarracht a dhéanamh teacht ar channabas goidte. Gabhadh triúr dá chomhpháirtithe freisin, náisiúnach de chuid Maracó, ar gearradh pianbhreith príosúnachta cúig mhí air i Maracó in 2014 as gáinneáil ar dhrugaí.

Tá Mohamed Ben Ahmed Mahri i gceannas ar gháinneáil ar roisín cannabais a iompraítear go Nígir díreach trí thuaisceart Mhailí, trí chonbhuanas a úsáid atá á stiúradh ag comhaltáí den Groupe d'autodéfense des Touaregs Imghad et leurs alliés (GATIA), agus ina measc, Ahmoudou Ag Asriw (MLi.001), a bhfuil smachtbhannaí curtha air. Íocann Mohamed Ben Ahmed Mahri cúiteamh le Asriw as ucht na gconbhuanas sin a úsáid. Is iad na conbhuanas sin is cúis le caismirtí go minic le hiomaitheoirí a bhfuil baint acu le Coordination des Mouvements de l'Azawad (CMA).

Baineann Mohamed Ben Ahmed Mahri úsáid as a chuid ghnóthachain airgeadais ón ngáinneáil ar dhrugaí chun tacú le grúpaí armtha sceimhlitheoireachta, lena n-áirítear Al Mourabitoun (QDe.141), eintiteas a bhfuil smachtbhannaí air, agus déanann sé iarracht breab a thabhairt d'oifigigh as trodaithe gafa a scaoileadh saor agus as lánpháirtíú na dtrodaithe in Mouvement Arabe pour l'Azawad (MAA) Plateforme a éascú.

Dá bhrí sin, trí na fáltais ón gcoireacht eagraithe, tacaíonn Mohamed Ben Ahmed Mahri le duine sainaitheanta faoi mhír 8(b) de Rún 2374 (2007) mar bhagairt ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir le Síocháin agus Athmhuintearas i Mailí, agus le grúpa sceimhlitheoireachta dá dtagraítear i Rún 1267.

5. MOHAMED OULD MATALY

Ainmniúchán: Comhalta Parlaiminte

Dáta breithe: 1958

Náisiúntacht: Mailí

Pasuimhir: a) D9011156, b) AA0260156, arna eisiúint an 3 Lúnasa 2018 (dáta éaga: an 2 Lúnasa 2023)

Seoladh: (a) Golf Rue 708 Door 345, Gao, Mali b) Almoustarat, Gao, Mali

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 10 Iúil 2019 (arna leasú an 19 Nollaig 2019, an 14 Eanáir 2020, an 5 Deireadh Fómhair 2022)

Faisnéis eile: Tá Mohamed Ould Mataly, iar-Mhéara Bourem, ina chomhalta den Pharlaimint faoi láthair don toghlach Bourem agus tá sé ina chomhalta den *Rassemblement pour le Mali* (RPM, páirtí polaitiúil an Uachtaráin Ibrahim Boubacar Keita). Is duine de phobal Arabach Lehmar é agus is comhalta é a bhfuil tionchar mór aige ar an eite den *Mouvement Arabede l'Azawad* (MAA) atá ar son an rialtais, atá nasctha le comhghuaillíocht *Plateforme des mouvements du 14 juin 2014 d'Alger* (Plateforme). Liostaithe de bhun mhír 1 go mír 3 de rún 2374 (2017) ón gComhairle Slándála (Toirmeasc Taistil, Calcadh Sócmhainní).

Grianghraf ar fáil lena chur san Fhógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála NA. an nasc gréasáin le haghaidh fógraí speisialta de chuid INTERPOL-Comhairle Slándála NA:

<https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals>

Faisnéis bhreise

Tá Mohamed Ould Mataly liostaithe de bhun mhír 8 (b) de Rún 2374 (2017) mar gheall ar ghníomhaíochtaí a chuireann bac, nó a chuireann bac trí mhoill fhada ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe, nó a chuireann bagairt ar a chur chun feidhme.

An 12 Samhain 2018, dhearbhaigh an Plateforme in Bamako nach nglacfaid siad páirt sna comhairliúcháin réigiúnacha a bheadh ar siúl ón 13 go dtí an 17 Samhain, i gcomhréir leis an treo-chlár a chomhaontaigh na páirtithe uile sa Chomhaontú Síochána agus Athmhuintearais i Márta 2018. An lá dar gcionn, thionóil ceann foirne míleata chomhpháirt Ganda Koy de *Coordination des mouvements et fronts patriotiques de résistance* (CMFPR)-Plateforme, cruinníú in Gao, agus ionadaithe an MAA-Plateforme ag freastal air, chun cosc a chur ar na comhairliúcháin a bheith ar siúl. Rinneadh an t-imshuí a chomhordú le ceannaireacht an Plateforme in Bamako, le MAA-Plateforme, agus leis an gComhalta Parlaiminte, Mohamed Ould Mataly.

Ghlac a dhlúthchomhlach Mahri Sidi Amar Ben Daha, ailias Yoro Ould Daha, a bhfuil cónaí air ina theach in Gao, páirt san imshuí ar an áit ina raibh an comhairliúchán in oifig an Ghobharnóra le linn na tréimhse sin.

Ina theannta sin, ar an 12 Iúil 2016 bhí Ould Mataly ar dhuine de ghríosóirí léirsithe a bhí naimhdeach le cur chun feidhme an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, trí chosc a chur go héifeachtach le pléití maidir le príomhfhórlacha an Chomhaontaithe Síochána agus Athmhuintearais a bhaineann leis an athchóiriú ar struchtúr críche thuaisceart Mhailí, tá bac curtha ag Ould Mataly ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir le Síocháin agus Athmhuintearas.

Ar deireadh, d'agair Ould Mataly go scaoilfí baill dá phobal a gabhadh in oibríochtaí frithsceimhlitheoireachta. Trína rannpháirtíocht sa choireacht eagraithe agus trí chomhlachas le grúpaí armtha sceimhlitheoireachta, cuireann Mohamed Ould Mataly cur chun feidhme an Chomhaontaithe i mbaol."

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2180 ÓN gCOMHAIRLE
an 8 Samhain 2022**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2017/1509 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne
Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1509 ón gComhairle an 30 Lúnasa 2017 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 329/2007 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 47(5) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 30 Lúnasa 2017, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2017/1509.
- (2) An 14 Meán Fómhair 2022, rinne Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 1718 (2006) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe nuashonrú ar an bhfaisnéis a bhaineann le dhá eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha.
- (3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2017/1509 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2017/1509 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Samhain 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
Z. STANJURA

⁽¹⁾ IO L 224, 31.8.2017, lch. 1.

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1509, faoin gceannteideal “(b) Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí”, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 36 agus 74:

	Ainm	Ailias	Suíomh	Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe	Faisnéis eile
“36.	Singwang Economics agus Trading General Corporation		Seoladh: DPDC (Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré)	30.11.2016	Is gnólacht DPDC é a bhíonn ag trádáil guail. Gineann DPDC sciar shuntasach den airgead dá cláir diúracán núicléach agus balaistíoch trí mhianadóireacht a dhéanamh ar acmhainní nádúrtha agus na hacmhainní sin a dhíol thar lear.
74.	Weihai World-Shipping Freight		Seoladh: 419-201, Tongyi Lu, Huancui Qu, Weihai, Shandong 264200, China; Uimhir IMO: 5905801	30.3.2018	Bainisteoir loinge agus tráchtála XIN GUANG HAI, soitheach a thug gual ar bord ag Taeon, DPDC, an 27 Deireadh Fómhair 2017 agus a raibh am teachta measta aige an 14 Samhain 2017 go Cam Pha, Vítneam, ach nár shroich sé.”.

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/2181 ÓN gCOIMISIÚN
an 29 Meitheamh 2022

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe a mhéid a bhaineann leis na dátaí tosaigh agus na tréimhsí a bhaineann le neamh-inghlacthacht iarratas ar thacaíocht

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 11(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Iarratas ar thacaíocht ón gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) arna chur isteach ag oibreoir, beidh sé neamh-inghlactha ar feadh tréimhse sainaitheanta ama má chinneann an t-údarás inniúil gur tharla na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 11(1) agus (3) de Rialachán (AE) 2021/1139.
- (2) Chun cineál coinníollach na tacaíochta ó CEMID a áirithiú, is iomchuí na forálacha is gá a leagan síos lena n-áiritheofar go gcomhlíonfaidh na hoibreoirí sin a chuireann isteach ar thacaíocht ó CEMID na coinníollacha inghlacthachta le haghaidh tacaíocht ó CEMID i ndáil leis na soithí iascaireachta uile atá faoi rialú éifeachtach acu.
- (3) Le hAirteagal 11(4) de Rialachán (AE) 2021/1139, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena sainaitnítear an tairseach maidir le neamh-inghlacthacht a ghníomhachtú, agus tréimhse ama na neamh-inghlacthachta, ar cheart di a bheith comhréireach le cineál, tromchúis, fad agus athdhéanamh na sárúithe tromchúiseacha, na gcionta nó na calaoise a rinneadh, agus ar cheart bliain ar a laghad a bheith inti. Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar na rialacha maidir le neamh-inghlacthacht iarratas ar thacaíocht a bhunaítear sa ghníomh seo chun a áirithiú go gcumhdófar gach cás dá dtagraítear in Airteagal 11(1) agus (3) de Rialachán (AE) 2021/1139.
- (4) Is gá, dá bhrí sin, rialacha a leagan síos maidir le fad na tréimhse neamh-inghlacthachta a ríomh, agus maidir le sainaitheint na ndátaí ábhartha tosaigh agus deiridh agus na gcoinníollacha chun an tréimhse sin a mhéadú nó a laghdú. Is iomchuí freisin rialacha a leagan síos maidir le hathbheithniú a dhéanamh ar an tréimhse neamh-inghlacthachta i gcás ina ndéanann oibreoir tuilleadh sárúithe tromchúiseacha le linn na tréimhse neamh-inghlacthachta.
- (5) Tá gá freisin le gníomhachtú uathoibríoch neamh-inghlacthachta le haghaidh chistí CEMID i gcás sárúithe tromchúiseacha áirithe lena ndéantar dochar ar leith mar gheall ar a gcineál agus a thromchúisí atá siad.

⁽¹⁾ IO L 247, 13.7.2021, lch. 1.

- (6) Is iomchuí freisin rialacha a leagan síos maidir le neamh-inghlacthacht a ghníomhachtú agus fad na tréimhse neamh-inghlacthachta a ríomh i gcásanna ina bhfuil níos mó ná soitheach iascaireachta amháin faoi úinéireacht nó rialú ag oibreoir aonair. Ba cheart a áirithiú leis na rialacha sin nach rachaidh tacaíocht ó CEMID le haghaidh soithí eile de chuid an oibreora chun tairbhe go hindíreach do shoithí iascaireachta a úsáideadh chun sárúithe tromchúiseacha a dhéanamh.
- (7) I gcomhréir le hAirteagal 92(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle ^(?), más rud é nach ndéantar aon sárú tromchúiseach eile laistigh de 3 bliana ó dháta an tsáraithe thromchúisigh dheireanaigh, ba cheart na pointí uile a scriosadh. Mar iarmhairt air sin, fanann pointí sáraithe ar cheadúnas oibreora go ceann 3 bliana ar a laghad. Chun leanúnachas leis an gcóras atá i bhfeidhm a áirithiú, mar aon le comhréireacht agus deimhneacht dhlíthiúil, níor cheart ach na sárúithe tromchúiseacha amháin a rinneadh amhail ón 1 Eanáir 2013 i gcomhréir le hAirteagal 92 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus nár scriosadh na pointí arna sannadh ina leith ó cheadúnas oibreora a chur san áireamh agus an tréimhse neamh-inghlacthachta á ríomh.
- (8) I gcomhréir le hAirteagal 47 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle ^(?), cuirfear daoine dlítheanacha faoi dhliteanas i leith sárúithe tromchúiseacha i gcás ina ndearna aon duine nádúrtha na sárúithe sin chun a thairbhe féin, ag gníomhú dó ina aonar nó mar chuid d'orgán an duine dhlítheanaigh.
- (9) Ba cheart rialacha a leagan síos chun a áirithiú go gcaithfear go cothrom le hoibreoirí atá ina n-úinéirí nua ar shoithí iascaireachta tar éis díola nó cineál eile aistrithe úinéireachta agus, an tráth céanna, gan dochar á dhéanamh do chóras an Aontais maidir le rialú, iniúchadh agus forfheidhmiú a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1224/2009 maidir le rialú iascaigh, rud atá riachtanach chun cuspóirí CBI a bhaint amach. Dá ndéanfaí ceadúnas iascaireachta oibreora a tharraingt siar go buan mar gheall ar mhiniúocht agus tromchúis na sárúithe a rinneadh, ba cheart an rochtain ar thacaíocht ó CEMID a dhiúltú go dtí deireadh thréimhse incháilitheachta an chaiteachais le haghaidh ranníocaíocht ó CEMID a leagtar síos in Airteagal 63(2) de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ chun leasanna airgeadais an Aontais agus a cháiniocóirí a chosaint. Ba cheart feidhm a bheith ag neamh-inghlacthacht den sórt sin fiú amháin, de réir an mhodha ríomha a leagtar síos sa Rialachán seo, dá dtiocfadh deireadh leis an tréimhse neamh-inghlacthachta roimh dheireadh na tréimhse incháilitheachta.
- (10) Le hAirteagal 11(4) de Rialachán (AE) 2021/1139, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir leis na socruithe chun an chabhair a deonaíodh a aisghabháil má tharlaíonn sárúithe tromchúiseacha nó cionta comhshaoil le linn na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 11(2) den Rialachán sin. Is gá, dá bhrí sin, socruithe a leagan síos chun an chabhair a deonaíodh a aisghabháil.
- (11) Chun go bhféadfár na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm go pras agus i bhfianaise a thábhachtaí atá sé cóir chomhchuíbhithe agus chomhionann a áirithiú d'oibreoirí sna Ballstáit uile ó thús na clárthréimhse, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe agus ba cheart feidhm a bheith aige ón gcéad lá de thréimhse incháilitheachta an chaiteachais maidir le ranníocaíocht ó CEMID, eadhon an 1 Eanáir 2021. Ní bheidh tionchar ag an gcur i bhfeidhm cúlghabhálach maidir le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus prionsabal an ionchais dhlítheanaigh,

^(?) Rialachán Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 847/96, Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002, Rialachán (CE) Uimh. 811/2004, Rialachán (CE) Uimh. 768/2005, Rialachán (CE) Uimh. 2115/2005, Rialachán (CE) Uimh. 2166/2005, Rialachán (CE) Uimh. 388/2006, Rialachán (CE) Uimh. 509/2007, Rialachán (CE) Uimh. 676/2007, Rialachán (CE) Uimh. 1098/2007, Rialachán (CE) Uimh. 1300/2008, Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93, Rialachán (CE) Uimh. 1627/94 agus Rialachán (CE) Uimh. 1966/2006, (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

^(?) Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialaithe a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93, Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001 agus Rialachán (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1093/94 agus Rialachán (CE) Uimh. 1447/1999, (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosáí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le hiarratais ar thacaíocht ón gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) agus sonraítear ann an tréimhse ama ar lena linn a bheidh iarratais den sórt sin, arna gcur isteach ag oibreoirí a bhfuil aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 11(1) nó (3) de Rialachán (AE) 2021/1139 déanta acu, neamh-inghlactha.

Airteagal 2

Sainmhíniú

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ^(⁹). Ina theannta sin, tá feidhm ag an sainmhíniú seo a leanas:

ciallaíonn “pointí sáraithe” na pointí a shanntar d’oibreoir i leith soitheach iascaireachta de chuid an Aontais faoi chóras na bpointí le haghaidh sárúithe tromchúiseacha a leagtar amach in Airteagal 92 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

CAIBIDIL II

TAIRSEACH LE HAGHAIGH NA NEAMH-INGHLACTHACHTA AGUS FAD NA NEAMH-INGHLACTHACHTA

Airteagal 3

Neamh-inghlacthacht iarratas arna gcur isteach ag oibreoirí a bhfuil sárúithe tromchúiseacha déanta acu nó atá faoi dhliteanas ina leith faoi Airteagal 42(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 nó faoi Airteagal 90(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009

1. Beidh iarratas ar thacaíocht arna chur isteach ag oibreoir neamh-inghlactha ar feadh tréimhse ama a bhunaítear de bhun Iarscríbhinn I i gcás ina gcinnfidh an t-údarás inniúil i gcineadh go bhfuil sárúithe tromchúiseacha déanta ag an oibreoir a bhfuil an t-iarratas á chur isteach aige nó go bhfuil sé faoi dhliteanas ina leith faoi Airteagal 42(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 nó faoi Airteagal 90(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.
2. Chun neamh-inghlacthacht a ghníomhachtú agus chun fad na tréimhse neamh-inghlacthachta a ríomh, ní chuirfear san áireamh ach na sárúithe tromchúiseacha a rinneadh amháil ón 1 Eanáir 2013 agus a ndearnadh cinneadh ina leith de réir bhrí mhír 1.
3. D’ainneoin mhír 2, chun críocha mhír 1 ní chuirfear san áireamh ach sárúithe tromchúiseacha nár scríosadh na pointí ina leith de bhun Airteagal 92(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.
4. Is é dáta an chinnidh ar a nglacfaidh an t-údarás inniúil de réir bhrí mhír 1 dáta tosaigh na tréimhse neamh-inghlacthachta.

⁽⁹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

*Airteagal 4***Neamh-inghlacthacht iarratas arna gcur isteach ag oibreoirí a bhfuil a soitheach ar áireamh ar liosta an Aontais de shoithí NNN nó a bhfuil a soitheach faoi bhratach tríú tír neamh-chomhoibríoch**

1. Beidh iarratas ar thacaíocht arna chur isteach ag oibreoir neamh-inghlactha ar feadh tréimhse ama a bhunaítear de bhun Iarscríbhinn II má chinneann an t-údarás inniúil i gcinneadh an méid seo a leanas:
 - (a) go raibh an t-oibreoir sin rannpháirteach in oibriú, i mbainistíocht nó in úinéireacht soithigh iascaireachta atá ar áireamh ar liosta an Aontais de shoithí NNN mar a leagtar amach in Airteagal 27 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008; nó
 - (b) go raibh an t-oibreoir sin rannpháirteach in oibriú, i mbainistíocht nó in úinéireacht soithigh atá faoi bhratach tíre atá ar áireamh ar liosta na dtríú tíortha neamh-chomhoibríocha dá bhforáiltear in Airteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008.
2. Is é dáta an chinnidh ar a nglacfaidh an t-údarás inniúil de réir bhrí mhír 1 dáta tosaigh na tréimhse neamh-inghlacthachta.

*Airteagal 5***Neamh-inghlacthacht iarratas arna gcur isteach ag oibreoirí san earnáil do Bharshaothraithe a rinne cionta comhshaoil nó atá faoi dhliteanas ina leith**

1. Má chinn údarás inniúil i gcinneadh go ndearna oibreoir ceann de na cionta a leagtar amach in Airteagail 3 agus 4 de Threoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾ nó go bhfuil sé faoi dhliteanas ina leith, beidh iarratais ar thacaíocht ó CEMID arna gcur isteach ag an oibreoir sin de bhun Airteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/1139 neamh-inghlactha de bhun Iarscríbhinn III.
2. Is é dáta tosaigh na tréimhse neamh-inghlacthachta dáta an chinnidh ó údarás inniúil lena gcinntear go ndearnadh cion a leagtar amach in Airteagail 3 nó 4 de Threoir 2008/99/CE.
3. Chun neamh-inghlacthacht a ghníomhachtú agus chun fad na tréimhse neamh-inghlacthachta a ríomh, ní dhéanfar ach na cionta a rinneadh amhail ón 1 Eanáir 2013 agus a nglacadh cinneadh ina leith de réir bhrí mhír 1 a chur san áireamh.

*Airteagal 6***Neamh-inghlacthacht iarratas arna gcur isteach ag oibreoirí a rinne calaois nó atá faoi dhliteanas ina leith i gcomhthéacs CEMI nó CEMID**

1. Má chinneann údarás inniúil go ndearna oibreoir calaois nó más rud é go bhfuil sé faoi dhliteanas i leith calaoise i gcomhthéacs an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus Iascaigh (CEMI) nó CEMID, beidh na hiarratais uile ar thacaíocht ó CEMID a chuirfidh an t-oibreoir sin isteach neamh-inghlactha de bhun Iarscríbhinn IV.
2. Tosóidh an tréimhse neamh-inghlacthachta ó dháta an chinnidh chríochnaithigh lena gcinntear go ndearnadh calaois mar a shainítear in Airteagal 3 de Threoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾.

⁽⁶⁾ Treoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil (IO L 328, 6.12.2008, lch. 28).

⁽⁷⁾ Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

CAIBIDIL III

FORÁLACHA COITEANNA

*Airteagal 7***An tairseach lena ngníomhachtaítear an neamh-inghlacthacht a chinneadh agus fad na neamh-inghlacthachta**

1. I gcás ina ndearna oibreoir aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagail 3, 4, 5 agus 6, nó má tá sé faoi dhliteanas ina leith, cinnfidh an Ballstát lena mbaineann ar baineadh amach an tairseach lena ngníomhachtaítear an neamh-inghlacthacht. Is é an Ballstát a dhéanfaidh an cinneadh sin de bhun cholún (a) d'Airscríbhinní I, II, III nó IV a ghabhann leis an Rialachán seo.
2. Má chinneann an Ballstát lena mbaineann de bhun mhír 1 gur baineadh amach an tairseach lena ngníomhachtaítear an neamh-inghlacthacht, cinnfidh sé ansin fad comhfhreagrach na neamh-inghlacthachta, de bhun na nithe seo a leanas:
 - (a) colún (b) d'Airscríbhinní I, II, III nó IV a ghabhann leis an Rialachán seo; agus
 - (b) i gcás inarb infheidhme, colúin (c) agus (d) d'Airscríbhinní I nó III a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 8***An tairseach lena ngníomhachtaítear an neamh-inghlacthacht a chinneadh i gcás ina bhfuil níos mó ná soitheach iascaireachta amháin faoi úinéireacht nó faoi rialú ag an oibreoir**

1. I gcás ina n-oibríonn oibreoir níos mó ná soitheach iascaireachta amháin nó i gcás ina bhfuil níos mó ná soitheach iascaireachta amháin faoi úinéireacht nó faoi rialú aige, déanfar an tréimhse neamh-inghlacthachta le haghaidh iarratas ar thacaíocht arna chur isteach ag an oibreoir sin a chinneadh ar leithligh le haghaidh gach soithigh iascaireachta ar leith, i gcomhréir le hAirteagal 3 nó 4.
2. Ina theannta sin, beidh iarratais ar thacaíocht arna gcur isteach ag an oibreoir sin neamh-inghlactha freisin sna cásanna seo a leanas:
 - (a) más rud é go bhfuil iarratais i ndáil le níos mó ná leath na soitheach iascaireachta faoi úinéireacht nó faoi rialú ag an oibreoir sin neamh-inghlactha chun tacaíocht a fháil de bhun Airteagail 3 nó 4, nó
 - (b) i gcás inar sannadh pointí sáráithe le haghaidh sárúithe tromchúiseacha de bhun Airteagal 42(1)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 nó Airteagal 90(1)(a) agus (c) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, má tá meánlíon na bpointí sáráithe a shanntar in aghaidh an tsoithigh iascaireachta faoi úinéireacht nó faoi rialú ag an oibreoir sin cothrom le 7 bpointe nó níos mó ná sin.

*Airteagal 9***Úinéireacht a aistriú**

1. Más rud é go bhfuil oibreoir faoi réir tréimhse neamh-inghlacthachta de bhun Airteagail 3, 4 agus 6, ní dhéanfar an tréimhse neamh-inghlacthachta a eascraíonn as sárúithe tromchúiseacha a rinneadh roimh an athrú úinéireachta a aistriú chuig an oibreoir nua i gcás ina ndíolfar nó ina n-aistrefar úinéireacht an tsoithigh iascaireachta.
2. De mhaolú ar mhír 1, i gcás ina sanntar pointí sáráithe, i gcomhréir le córas na bpointí arna bhunú le hAirteagal 92 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, le haghaidh sárúithe tromchúiseacha a dhéantar faoi Airteagal 42(1)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 nó faoi Airteagal 90(1)(a) agus (c) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 sula n-athraítear úinéireacht an tsoithigh iascaireachta, ní chuirfear na pointí sáráithe sin san áireamh chun neamh-inghlacthacht a ghníomhachtú ná chun fad thréimhse neamh-inghlacthachta an oibreora nua a ríomh de bhun Airteagal 3 agus Airteagal 8(2) ach amháin nuair a dhéanann an t-oibreoir nua sárú tromchúiseach, i ndiaidh an athraithe ar úinéireacht, faoi Airteagal 42(1)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 nó Airteagal 90(1)(a) agus (c) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

*Airteagal 10***An ceadúnas iascaireachta a tharraingt siar go buan**

Na hiarratais ar thacaíocht arna gcur isteach ag oibreoir ar tarraingíodh a cheadúnas iascaireachta siar go buan le haghaidh aon cheann de na soithí iascaireachta faoi úinéireacht nó faoi rialú ag an oibreoir sin, beidh siad neamh-inghlactha ón dáta ar tarraingíodh siar an ceadúnas iascaireachta go dtí deireadh thréimhse incháilitheachta an chaiteachais le haghaidh ranníocaíocht ó CEMID dá dtagraítear in Airteagal 63(2) de Rialachán (AE) 2021/1060, más rud é gur tarraingíodh siar an ceadúnas iascaireachta sin:

- (a) i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus le hAirteagal 129(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún ⁽⁸⁾; nó, más infheidhme,
- (b) mar thoradh ar smachtbhannaí i leith sárúithe tromchúiseacha arna bhforchur ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 45 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008.

*Airteagal 11***Socrúithe chun cabhair a aisghabháil**

1. Má tharlaíonn aon cheann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2021/1139 idir an dáta ar a gcuir an t-oibreoir an t-iarratas isteach agus 5 bliana tar éis na híocaíochta deiridh, beidh an tacaíocht arna híoc ó CEMID a bhaineann leis an iarratas sin faoi réir ceartú airgeadais ag an mBallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 44 de Rialachán AE 2021/1139 agus Airteagal 103(1) de Rialachán (AE) 2021/1060.
2. Beidh an méid atá le haisghabháil comhréireach le cineál, tromchúis, fad agus athdhéanamh na gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2021/1139.

*Airteagal 12***Forálacha idirthréimhseacha**

Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do leanúnachas ná do mhodhnú tréimhsí neamh-inghlacthachta iarratas ar thacaíocht ó CEMI arna deonú faoi Rialachán Tairmligthe (AE) 2015/288 ⁽⁹⁾.

*Airteagal 13***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

⁽⁸⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú (IO L 112, 30.4.2011, lch. 1).

⁽⁹⁾ Rialachán Tairmligthe (AE) 2015/288 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh i ndáil leis an tréimhse ama agus na dátaí le haghaidh neamh-inghlacthacht iarratas (IO L 51, 24.2.2015, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Meitheamh 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

An tairseach lena ngníomhachtaítear an neamh-inghlacthacht agus an tréimhse ama neamh-inghlacthachta le haghaidh oibreoirí a rinne sárúithe tromchúiseacha faoi Airteagal 42 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 nó Airteagal 90 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009

Catagóirí de shárúithe tromchúiseacha	(a) An tairseach lena ngníomhachtaítear an neamh-inghlacthacht	(b) Tréimhse ama na neamh-inghlacthachta	(c) Na coinníollacha le haghaidh tréimhse mhéadaithe neamh-inghlacthachta	(d) Na coinníollacha le haghaidh tréimhse laghdaithe neamh-inghlacthachta
Sárúithe tromchúiseacha i gcatagóirí 1 agus 2 dá dtagraítear in Iarscríbhinn XXX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 (*)	9 bpointe sárúithe san iomlán, gan beann ar líon na sárúithe tromchúiseacha	12 mhí	1 mhí bhreise neamh-inghlacthachta in aghaidh gach pointe sárúithe breise os cionn na tairsí	Má scriostar dhá phointe sárúithe de bhun Airteagal 133(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011, déantar laghdú 4 mhí ar an tréimhse neamh-inghlacthachta.
Na sárúithe tromchúiseacha uile mar a shainítear in Airteagal 42 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 agus in Airteagal 90 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, cé is moite de shárúithe tromchúiseacha i gcatagóirí 1 agus 2 dá dtagraítear in Iarscríbhinn XXX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011	1 sárú tromchúiseach	12 mhí in aghaidh an tsárúithe thromchúisigh	2 mhí bhreise neamh-inghlacthachta in aghaidh an tsárúithe thromchúisigh i gcatagóirí 7, 9, 10, 11 nó 12 dá dtagraítear in Iarscríbhinn XXX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011. Más rud é go ndéanann oibreoir sárú tromchúiseach i gcatagóir 1 nó 2 dá dtagraítear in Iarscríbhinn XXX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 le linn na tréimhse neamh-inghlacthachta nó má tá sé faoi dhliteanas ina leith, cuirfear síneadh 1 mhí leis an tréimhse neamh-inghlacthachta le haghaidh gach pointe sárúithe a shanntar le haghaidh na sárúithe tromchúiseacha sin.	

(*) Níl feidhm ag an tsraith seo ach sa chás ina ndearnadh sárúithe tromchúiseacha i gcatagóir 1 nó 2. I gcás ina ndearnadh sárúithe tromchúiseacha eile roimh shárúithe tromchúiseacha i gcatagóir 1 nó 2, go comhuaineach leis na sárúithe tromchúiseacha sin nó ina ndiaidh, agus le linn na tréimhse neamh-inghlacthachta céanna, ní dhéanfar sárúithe tromchúiseacha i gcatagóir 1 nó 2 a chur san áireamh ach amháin chun críoch cholúin (c) agus (d) den dara sraith.

IARSCRÍBHINN II

An tairseach lena ngníomhachtaítear an neamh-inghlacthacht agus an tréimhse ama neamh-inghlacthachta le haghaidh oibreoirí a bhfuil a soitheach ar áireamh ar liosta an Aontais de shoithí NNN nó a bhfuil bratach tríú tír neamh-chomhoibríoch ar foluain ag a soitheach

Cineál an tsáraithe	(a) An tairseach lena ngníomhachtaítear an neamh-inghlacthacht	(b) Tréimhse ama na neamh-inghlacthachta
Bhí an t-oibreoir páirteach in oibriú, i mbainistíocht nó in úinéireacht soithigh iascaireachta atá ar áireamh ar liosta an Aontais de shoithí NNN mar a leagtar amach in Airteagal 27 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008	1 sárú	An tréimhse iomlán a mbeidh an soitheach iascaireachta ar áireamh ar liosta an Aontais de shoithí NNN lena linn, agus, in aon chás, tréimhse nach lú ná 24 mhí
